

## An Creat Foghlama Digití in úsáid chun Teicneolaíocht Dhigiteach a chur i bhfeidhm sa Teagasc, san Fhoghlaim agus sa Mheasúnú.

A Phríomhoide, a chara,

Tá an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) ag cur tús lena clár forbartha gairmiúla le haghaidh an Chreata Foghlama Digití agus Treoirlínte tacaíochta do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Seoladh an Creat Foghlama Digití sa scoilbhliain 2017/2018 mar chuid de thriail a raibh 50 scoil páirteach ann agus a ndearna an Foras Taighde ar Oideachas measúnú air.

Tá an SFGM ag cur seimineáir lae iomláin ar siúl do **phríomhoide na scoile agus do bhall foirne amháin eile** mar chuid den chéad chéim eile. Reáchtálfar na seimineáir seo in Ionaid Oideachais áitiúla ar fud na tíre. Leanfaidh mionsonraí maidir le seimineáir atá deartha go sonrach le haghaidh scoileanna speisialta go luath

Cuirfear deiseanna ar fáil do rannpháirtithe an tseimineáir

- ceannairí scoile agus foirne foghlama digití a chumhachtú agus a chumasú chun na teicneolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm go héifeachtach i scoileanna, ag cur béime ar threoraíocht oideolaíochta tógachaíoch.
- fiosrú, trí úsáid an phróisis sé chéim ann agus ag roinnt dea-chleachtais, conas is féidir leis an gCreat Foghlama Digití tacú le teicneolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na scoile.
- feasacht a mhéadú maidir le tacaíochtaí SFGM agus SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas agus an chaoi a bhféadfaidís cuidiú i gcur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú

Ina theannta sin, iarrfaidh an Foras Taighde ar Oideachas ar na rannpháirtithe ceistneoir gairid (5-10 nóiméad) a líonadh le linn an tseimineáir ar na rudaí seo a leanas:

- na hacmhainní digiteacha atá ar fáil faoi láthair sa scoil, agus
- a mbarúlacha tosaigh ar theicneolaíocht dhigiteach a chur i bhfeidhm sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú ar scoil.

Déan teagmháil leis an ionad áitiúil oideachais is gaire duit a luaithe agus is féidir le clárú don seimineár. **Níl ach líon an-teoranta áiteanna ar fáil ar an seimineár, mar sin ní bheifear in ann freastal ar aon duine nár chláraigh roimh ré.**

Beidh seimineáir i mBéarla ar siúl in Ionad Oideachais Trá Lí ar na dátaí seo a leanas:

- 9<sup>th</sup>, 14<sup>th</sup>, 15<sup>th</sup>, 24<sup>th</sup>, 25<sup>th</sup>, 30<sup>th</sup>, 31<sup>st</sup> Eanáir 2018 9.30am – 3.30pm
- 7<sup>th</sup>, 8<sup>th</sup>, 13<sup>th</sup>, 14<sup>th</sup>, 27<sup>th</sup> Feabhra 2018 9.30am – 3.30pm

Beidh seimineáir i nGaeilge ar siúl in Ionaid Oideachais ar na dátaí seo a leanas:

- 12<sup>th</sup> & 13<sup>th</sup> Nollaig Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar
- 7<sup>th</sup> Eanáir Ionad Oideachais Luimnigh
- 10<sup>th</sup> & 11<sup>th</sup> Eanáir Ionad Oideachais Tacaíochta Chorcaí
- 25<sup>th</sup> Feabhra Ionad Oideachais Mhaigh Eo
- 4<sup>th</sup> Márta Ionad Múinteoirí Phort Láirge
- 7<sup>th</sup> & 8<sup>th</sup> Márta Ionad Oideachais na Gaillimhe
- 11<sup>th</sup> & 12<sup>th</sup> Márta Oideachais Chondae Dhún na nGall

***Cuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna clúdach ionadaíochta ar fáil más gá.***

Táimid ag súil le bualadh libh ag na seimineáir seo.

Le dea-mhéin,

**Ciara O'Donnell**

**An Stiúrthóir Náisiúnta**